2023.M105T

2023L568G1IL

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2023

# An Pholaitíocht agus an tSochaí

Gnáthleibhéal

Dé Máirt 27 Meitheamh    Maidin 9:30 - 12:00

400 marc

**Scrúduimhir**

**Lá agus Mí do Bhreithe**

Scríobh 3 Feabhra mar 0302, mar shampla

**Stampa an Ionaid**

Rinneadh coigeartuithe ar scrúdpháipéir 2023 d'fhonn aon chur isteach ar an bhfoghlaim a tharla de bharr COVID-19 a chúiteamh. D'fhéadfadh sé nach bhfuil an struchtúr agus an leagan amach céanna ar an scrúdpháipéar seo is a bhí ar scrúdpháipéir i mblianta eile roimhe nó ina dhiaidh seo.

## Treoracha

Tá trí roinn sa scrúdpháipéar seo.  Freagair **gach** roinn.

| | | |
|---|---|---|
| Roinn A | Ceisteanna Gearrfhreagra<br>Freagair **deich** gceist as 20 ceist | 100 marc |
| Roinn B | Ceisteanna bunaithe ar Shonraí<br>Freagair **gach** ceist | 150 marc |
| Roinn C | Aistí Dioscúrsacha<br>Freagair **trí** cheist | 150 marc |

Scríobh do chuid freagraí sna spásanna atá ann dóibh sa leabhrán seo. Is féidir go gcaillfidh tú marcanna mura ndéanann tú sin. Ní gá duit an spás go léir a úsáid.

Tá leathanaigh bhreise ar fáil má theastaíonn siad. Lipéadaigh aon obair bhreise go soiléir le huimhir na ceiste agus leis an gcuid den cheist.

Déanfar an leabhrán scrúdaithe seo a scanadh agus is ar scáileán a chuirfear do chuid oibre i láthair an scrúdaitheora.  Mar sin is féidir nach bhfeicfidh an scrúdaitheoir aon rud a scríobhfaidh tú taobh amuigh de bhoscaí na bhfreagraí.

**Scríobh do chuid freagraí le peann gorm nó le peann dubh. Ná húsáid peann luaidhe.**

| Roinn A | Ceisteanna Gearrfhreagra | 100 marc |
| --- | --- | --- |

**Ceist 1**

Freagair **deich gcinn** de na míreanna **(a), (b), (c)…** Scríobh na freagraí sna spásanna atá ann dóibh.

**(a)** Cén fáth a bhfuil sé tábhachtach vótáil i dtoghchán?

**(b)** Úsáidtear na téarmaí 'eite chlé' agus 'eite dheas' uaireanta chun cur síos ar pháirtithe polaitíochta, ar pholaiteoirí agus ar pholasaithe. Cad is brí le gach ceann de na téarmaí sin?

Eite chlé:

Eite dheas:

**(c)** Tabhair cúis **amháin** a d'fhéadfadh a bheith ag Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe le haghaidh Dídeanaithe (UNHCR) leis an íomhá agus an teachtaireacht seo a phostáil ar na meáin shóisialta.




https://twitter.com/Refugees/status/1546211154841714696/photo/1

**(d)** An gceapann tú go bhfuil an feachtas seo *Tabhair Droim Láimhe do phlaisteach aonúsáide* ina shampla maith de bheart a d'fhéadfadh duine a dhéanamh chun forbairt inbhuanaithe a bhaint amach? Tabhair cúis le do fhreagra.

| | |
|---|---|
| Ceapaim ☐ | Ní cheapaim ☐ |
| Cúis: | |
| | |
| | |
| | |

**(e)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bheart a d'fhéadfadh daoine óga a dhéanamh chun athrú a thabhairt isteach ar pholasaí maidir le héide scoile.

| |
|---|
| An chéad bheart: |
| |
| An dara beart: |
| |


**(f)** Ní mór gach duine atá i láthair sa tír Oíche an Daonáirimh a bheith san áireamh ar fhoirm an daonáirimh. Tabhair cúis **amháin** leis sin.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |

**(g)** Mínigh an cuspóir atá le reifreann in Éirinn.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |

**(h)** Freagair na ceisteanna thíos faoin ngrafaic eolais seo ón bPríomh-Oifig Staidrimh.




**(i)** An mbeifeá féin i measc an 68% sin de na daoine a dúirt go bhfuil imní orthu faoi athrú aeráide? Tabhair cúis le do fhreagra.

Bheinn ☐ Ní bheinn ☐

**(ii)** Cén fáth, dar leat, a ndúirt 63% díobh sin atá 18 go 34 bliain d'aois go bhfuil am ann fós le gníomhú ar cheisteanna comhshaoil ach nach dócha go ndéanfar aon rud?

**(iii)** Cén chonclúid is féidir leat a bhaint as na sonraí sa tríú colún?

**(i)** Déan trácht ar an éagsúlacht eitneach nó ar an éagsúlacht teanga nó ar an éagsúlacht creidimh i dtír **amháin** san Eoraip.

| |
|---|
| Ainm na tíre: |
| Trácht: |
| |
| |

**(j)** An gcuireann córas toghchánaíochta na hÉireann rialtas ar fáil atá ionadaíoch den phobal i ndáiríre? Tabhair cúis **amháin** le do fhreagra.

| |
|---|
| Cuireann ☐ Ní chuireann ☐ |
| Cúis: |
| |
| |
| |



**(k)** *Ócáid Stairiúil: Violet-Anne Wynne ar an gcéad TD riamh a thug a leanbh isteach sa Dáil* – Ceannlíne in *The Irish Times*, Meán Fómhair 2022.

Mínigh an tábhacht a bhaineann leis an íomhá seo i dtaca le ról na mban sa pholaitíocht in Éirinn.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |

https://www.irishtimes.com/politics/oireachtas/2022/09/21/violet-anne-wynne-makes-history-as-first-td-to-bring-her-baby-into-dail/

**(l)** Tabhair **dhá** phíosa eolais faoi obair Rialtais Áitiúil.

| |
|---|
| An chéad phíosa eolais: |
| |
| An dara píosa eolais: |
| |

**(m)** Is é teideal iomlán an leabhair seo ***Media Control - News as an Institution of Power and Social Control*** le Robert E. Gudsche, Jr. Cad a chuireann an teideal sin in iúl faoi ról na meán sa tsochaí?




www.bloomsbury.com/us/media-control-9781628922950/

**(n)** Mínigh ról Oifig an Ombudsman do Leanaí in Éirinn.

**(o)** Mínigh go hachomair an méid a chuir Vandana Shiva leis an díospóireacht faoin athrú aeráide.



https://ucghi.universityofcalifornia.edu/news/dr-vandana-shivas-decades-long-environmental-activism-rooted-health-of-all-beings

**(p)** Déan trácht ar an gcoincheap 'steiréitíopáil' mar a léirítear san íomhá seo é.



https://www.toonsmag.com/inequality-in-the-family/

**(q)** Déan cur síos achomair ar cheann **amháin** díobh seo: an Ciste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta (IMF) nó an Eagraíocht Dhomhanda Trádála (WTO).

| |
|---|
| IMF ☐ WTO ☐ |
| Cur síos: |
| |
| |

**(r)** Cad is brí leis an gconradh sóisialta?

**(s)** Conas a théann an domhandú i bhfeidhm ar an bhféiniúlacht chultúrtha?

**(t)**




I dtuarascáil a chuir an carthanas do leanaí, Barnardos, amach i Meitheamh 2022, deir siad go bhfeiceann a bhfoireann leanaí atá gan na héadaí riachtanacha, a bhíonn gan teas ar feadh tréimhsí fada, agus a bhfuil cónaí orthu i dteaghlaigh nach bhfuil go leor bia acu don teaghlach go léir.

Déan trácht ar thoradh an taighde sin i gcomhthéacs cearta leanaí.

| Roinn B | Ceisteanna bunaithe ar Shonraí | 150 marc |
|---|---|---|


Freagair **gach** ceist sa roinn seo. Scríobh na freagraí sna spásanna atá ann dóibh.

**Doiciméad A: Leathanach gréasáin - An tslí a bhfeidhmíonn Cúnamh don Iasacht agus Cúnamh Éireann.** (https://www.concern.net/) (Curtha in oiriúint)

**Cad is Cúnamh don Iasacht ann?**

In Éirinn, is ó Chúnamh Éireann agus ón gclár forbartha náisiúnta thar lear a chuirtear ár gcúnamh don iasacht ar fáil. Tá an eagraíocht sin á maoiniú ag cáiníocóirí na hÉireann. Tagraíonn an téarma "cúnamh don iasacht" d'aon rud a thugann tír amháin chun tairbhe do thír eile. Is éard a bhíonn i gceist leis sin de ghnáth, go mbíonn na tíortha ar ioncam ard ag tabhairt cúnamh forbartha do na tíortha ar ioncam íseal nó ar mheán-ioncam. Airgead a bhíonn sa chúnamh sin ach is féidir earraí nó seirbhísí a bheith ann chomh maith, amhail iad seo a leanas:

- Cúnamh bia agus dáileadh bia
- Oideachas
- Uisce, sláintíocht agus sláinteachas
- Cúnamh bonneagair
- Oiliúint sa talmhaíocht
- Tacaíocht d'athléimneacht aeráide
- Gníomhaíochtaí ar son na síochána
- Cúram sláinte




Is é an sprioc atá leis na cineálacha cúnaimh idirnáisiúnta sin go léir, tacú le sochaí dhomhanda atá ag feidhmiú. Freagraíonn Cúnamh Éireann do ghéarchéimeanna daonnúla freisin, agus bíonn Cór Mearfhreagartha na hÉireann ag obair in éineacht leis na Náisiún Aontaithe agus le Concern Worldwide.

**Cé mhéad a chaitheann Éire ar chúnamh don iasacht?**

Chaith an rialtas os cionn €867.5 milliún anuraidh; sin beagán sa bhreis ar 0.3% den OTN, rud a chiallaíonnn go dtéann €0.31 as gach €100 i dtreo cúnamh don iasacht. I mí Dheireadh Fómhair 2021, d'fhógair an rialtas méadú €140 milliún ar chúnamh forbartha thar lear don bhliain ina dhiaidh sin, rud a d'fhág go raibh níos mó ná €1 billiún sa bhuiséad iomlán den chéad uair riamh.

**SAINMHÍNIÚ AR CHABHAIR DHAONNÚIL:** Is éard atá sa chabhair dhaonnúil ná cúnamh a úsáidtear chun fulaingt a mhaolú le linn éigeandálacha. Ní hionann sin agus cúnamh forbartha. Is cúnamh é sin a thugtar ar mhaithe le haghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna leanúnacha a chuireann le fulaingt daoine, (arna chur in oiriúint ag CONCERN).


**Doiciméad B: Behaviour & Attitudes: Staidéar ar Rannpháirtíocht an Phobail, Feabhra 2020, arna ullmhú le haghaidh Dóchas ag Ian Mc Shane,** (Curtha in oiriúint).

dóchas a thugtar ar chomhlachas na nEagraíochtaí Forbartha Neamhrialtasacha in Éirinn. Is é cuspóir Dóchas an méid a chuireann Éire le forbairt an domhain a mhéadú. Déantar sin trí bheith mar ghlór ionadaíoch neamhspleách ag earnáil forbartha na hÉireann, le dul i bhfeidhm ar an díospóireacht phoiblí agus ar an gcinnteoireacht in Éirinn agus san Aontas Eorpach.


Aithníodh gur ghá taighde atá bailí agus iontaofa ó thaobh an staidrimh de a dhéanamh i measc sampla ionadaíoch den phobal i gcoitinne ina gclúdófaí réimse leathan topaicí chun tuiscint a fháil ar eispéiris an phobail i gcoitinne ar réimsí tábhachtacha de mhisean *Dóchas* agus ar dhearcadh an phobail ina leith sin, agus chun tuiscint a fháil ar aon athrú dearcaidh agus iompair atá ann i bhfianaise gluaiseachtaí comhaimseartha ar son an athraithe shóisialta a tháinig ann le déanaí.

Chun freastal ar an ngá sin, coimisiúnaíodh Behaviour & Attitudes le suirbhé ionadaíoch náisiúnta a dhéanamh ar líne i measc daoine fásta 18+ mbliana d'aois i bPoblacht na hÉireann, agus le taighde cáilíochtúil a dhéanamh ina dhiaidh sin, le fáil amach cad é a chreideann pobal na hÉireann i láthair na huaire agus cén rud atá mar spreagadh acu.

**C. Cé acu díobh seo a leanas is mó is cúis leis an mbochtaineacht i dtíortha i mbéal forbartha, dar leat?**




**C. Roghnaigh suas le trí chúis ón liosta thíos, le do thoil, is fearr atá ag teacht leis an tuairim atá agat féin faoin bhfáth ar chóir dúinn cabhrú leis na daoine i dtíortha i mbéal forbartha atá níos measa as ná muid féin?**




www.dochas.ie/assets/Worldview/Dochas-Worldview-Full-Combined-Report-March-2021.pdf

**Ceist 2**

**(a)** De réir Dhoiciméad A, cad é an sainmhíniú ar "cúnamh don iasacht"?

**(b)** De réir Dhoiciméad A, cén céatadán den chúnamh idirnáisiúnta a chaitear ar Chúnamh Daonnúil?

**(c)** De réir Dhoiciméad B, cén cuspóir atá ag Dóchas?

**(d)** De réir Dhoiciméad B, ainmnigh **trí** phríomhchúis leis an mbochtaineacht i dtíortha i mbéal forbartha.

**(e)** Agus an t-eolas sa dá dhoiciméad á úsáid agat, cén chonclúid a bhainfeá as an eolas sin maidir leis an méid a chuireann Éire leis an obair chúnaimh i dtíortha i mbéal forbartha?

**Ceist 3**

**(a)** Déan trácht ar chur i láthair na sonraí i nDoiciméad A.

| |
|---|
| |
| |

**(b)** Déan cur síos ar láidreacht **amháin** atá ag suirbhéanna ar líne mar mhodh taighde agus ar theorainn **amháin** atá leo.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |

**(c)** An bhfuil aon tairbhe le baint as taighde a dhéanamh faoi thuairimí agus dearcthaí daoine? Mínigh do fhreagra.

| |
|---|
| Tá ☐ Níl ☐ |
| |
| |

**(d)** An bhfuil Doiciméad A iontaofa mar fhoinse sonraí? Mínigh do fhreagra.

| |
|---|
| Tá ☐ Níl ☐ |
| |
| |
| |

**(e)** Roghnaigh píosa tábhachtach **amháin** eolais as Doiciméad A agus déan cur síos ar an nasc idir é agus an t-eolas atá curtha i láthair i nDoiciméad B.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |

**Ceist 4**

**(a)** Déan trácht ar na **trí** chúis is mó a roghnaigh freagróirí i nDoiciméad B a gceapaimid gur chóir dúinn cabhrú le daoine i dtíortha i mbéal forbartha atá níos measa as ná muid féin.

**(b)** Déan cur síos ar thionscadal saoránachta a d'fhéadfá a dhéanamh bunaithe ar imeacht a eagrú chun cur le feasacht daoine ar an tslí a gcaitear cúnamh airgid i dtíortha i mbéal forbartha.

**(c)** Mínigh an fáth a bhfaigheann tíortha cabhair dhaonnúil.

**(d)** Cén freagra a roghnófá ar an gceist i nDoiciméad B faoi phríomhchúiseanna na bochtaineachta i dtíortha i mbéal forbartha? Tabhair cúis **amháin** le do rogha.


| Roinn C | Aistí Dioscúrsacha | 150 marc |
|---|---|---|

Freagair **trí** cheist ar bith as na ceisteanna 5, 6, 7, 8, 9 agus 10. Scríobh na freagraí sna spásanna atá ann dóibh.

**Ceist 5** **50 marc**

**Pléigh an tionchar atá ag an athrú aeráide ar chearta daonna.**

Is féidir an ghrafaic eolais thíos a úsáid chun tacú le do fhreagra. Is féidir tagairt freisin do smaointeoir tábhachtach ábhartha a ndearna tú staidéar air nó uirthi.



https://www.amnesty.org.uk/what-has-climate-crisis-got-to-do-human-rights

**Ceist 6** **50 marc**

Le linn na mblianta 2022 agus 2023, bhí Éire ag comóradh na hócáide tábhachtaí sin 50 bliain roimhe sin nuair a chuaigh sí isteach san Aontas Eorpach (AE).

**Déan cur síos ar thábhacht an Aontais Eorpaigh**.

Is féidir leat na téamaí seo a leanas a úsáid i d'aiste:

- Cuspóir an AE
- An tslí a rialaítear an AE
- Cinnteoireacht san AE
- Tairbhe as bheith san AE
- An méid a chuireann an AE le gnóthaí an domhain.

**Ceist 7** **50 marc**

Leis an Acht um Athchóiriú Toghcháin, 2022, rinneadh roinnt mhaith athruithe ar an gcóras toghchánaíochta in Éirinn. Ceann amháin de na hathruithe sin is ea cead a thabhairt do dhaoine óga atá 16 agus 17 mbliana d'aois clárú roimh ré le go gcuirfear a n-ainmneacha go huathoibríoch ar Chlár na dToghthóirí. Fágann sé sin go mbeidh cead acu vótáil i dtoghchán nó i reifreann in Éirinn a luaithe a bheidh siad 18 mbliana d'aois.

**An dóigh leat féin go bhfuil sé tábhachtach tacú le rannpháirtíocht daoine óga i sochaí dhaonlathach? Déan plé ar do dhearcadh.**

Is féidir leat na focail seo a leanas a úsáid i do fhreagra:

- Guth
- Oideachas/eolas
- Ionadaíocht
- Cearta
- Freagracht
- Cinnteoireacht
- Cumhacht
- Saoránacht
- Smaointeoir tábhachtach




https://www.bbc.co.uk/blogs/peterhenley/2010/05/don't_sit_on_the_fence

**Ceist 8** **50 marc**

San íomhá thíos, taispeántar daoine ag glacadh páirte i gceann de na mórshiúlta is minic a bhíonn ar siúl faoi cheist na heaspa dídine in Éirinn.

**Pléigh an agóid phoiblí mar mhodh gníomhaithe chun athrú a thabhairt isteach sa tsochaí.**

Déan tagairt dóibh seo a leanas i do fhreagra:





www.rte.ie/news/dublin/2022/1126/1338444-housing-rally/

- Cúiseanna le hagóid a dhéanamh
- Cineálacha agóidí poiblí
- Tionchar agóidí
- Cearta agus freagrachtaí saoránach
- Cearta agus freagrachtaí rialtais
- Buntáistí agus míbhuntáistí na hagóide poiblí
- Agóid shíochánta/easumhlaíocht shibhialta
- Sampla(í)

**Ceist 9** **50 marc**

**An gcuireannn cearta daonna bonn leis an gcomhionannas a chinntiú sa tsochaí inniu? Déan é a phlé.**




https://www.youtube.com/watch?V=M_HsXzPpYCg

Is féidir leat tagairt don ghrafaic eolais agus na focail thíos a úsáid i d'aiste.

- Dearbhuithe, Coinbhinsiúin, comhaontuithe, conarthaí
- Cearta Leanaí
- Mí-úsáid/sáruithe
- Neamhionannas inscne
- Ciníochas
- Fuathchaint
- Spórt
- Claontacht/leithcheal
- Smaointeoir tábhachtach

**Ceist 10** **50 marc**

**Pléigh tionchar agus aimsiú domhanda na meán i sochaí dhaonlathach.**

Is féidir leat na focail seo a leanas a úsáid i d'aiste:

- Ardáin éagsúla (ardáin thraidisiúnta, ardáin nua agus na meáin shóisialta)
- Bréagnuacht/claontacht/tuairimí
- Mífhaisnéis/bréagaisnéis
- Rialú na meán
- Tionchairí
- Gníomhaíochas
- Polaitíocht
- Brú sóisialta
- Noam Chomsky

**Roinn C – Freagra ar Cheist ___**

**Spás chun cabhrú leat do fhreagra a ullmhú más rogha leat é á úsáid.**

**Freagra**

**Roinn C – Freagra ar Cheist ___**

**Spás chun cabhrú leat do fhreagra a ullmhú más rogha leat é á úsáid.**

**Freagra**

**Roinn C – Freagra ar Cheist ___**

**Spás chun cabhrú leat do fhreagra a ullmhú más rogha leat é á úsáid.**

| **Freagra** |
| --- |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

**Leathanach breise más rogha leat é a úsáid.**

**Cuir in iúl go soiléir uimhir na ceiste agus an chuid den cheist atá á freagairt.**

Ná scríobh ar an leathanach seo

**Fógra cóipchirt**
D'fhéadfadh sé go bhfuil téacsanna nó íomhánna sa scrúdpháipéar seo nach é Coimisiún na Scrúduithe Stáit úinéir an chóipchirt orthu, agus d'fhéadfadh sé gur athchóiríodh iad, chun críche an mheasúnaithe, gan cead na n-údar a fháil roimh ré. Ullmhaíodh an scrúdpháipéar seo de réir Alt 53(5) den *Acht um Chóipcheart agus Cearta Gaolmhara, 2000*. Ní údaraítear aon úsáid dá éis chun aon chríche ach amháin chun na críche dá bhfuil sé beartaithe. Ní ghlacann an Coimisiún aon dliteanas as sárú ar bith ar chearta tríú páirtí a eascraíonn as dáileadh ná as úsáid neamhúdaraithe an scrúdpháipéir seo.

Scrúdú na hArdteistiméireachta – Gnáthleibhéal

# An Pholaitíocht agus an tSochaí

Dé Máirt 27 Meitheamh

Maidin 9:30 - 12:00